

An Scéim:
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir
a chuir in eagar

 AN GÚM
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí

An Siopa Leabhar (01) 478 3814

An Siopa Gaeilge (074) 973 0500

An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne

www.litriocht.com

www.siopagaeilge.ie

www.siopaleabhar.com

www.siopa.ie

www.cic.ie

www.iesltd.ie

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Breithiúna agus Breithiúnais sa Ghúm

Máirtín Coilféir

Siar i nDeireadh Fómhair 1932 agus Niall Ó Domhnaill i mbun aistriúcháin ar *The Last of the Mohicans* le James Fenimore Cooper, scríobh sé litir chuig an nGúm le fogha a thabhairt fúthu. ‘A chara’, a dúirt sé:

Ins an litir a cuireadh chugam ar an 16adh Iúl dubhradh liom nach rabh caib. I agus II den aistriúghadh a rinne mé ar an leabhar seo sáchach maith le cur i gcló. hlarradh orm bail níos fearr a chur orthu agus gan níos mó oibre a dhéanamh ar an leabhar go dtugadh an Roinn breitheamhnas ar an dá chaibideáil sin. Cheartaigh mé an dá chaibideáil an tríomhadh h-uair agus chuir mé chugaibh iad. Níor tugadh breitheamhnas ar an obair sin ó shoin. Deir sibh nach dtig an bás a réidhteach go dtí go gcuiridh mé chugaibh an dá láimhscríbhinn nach raibh sáchach maith le cur i gcló. An é rud nach bhfuil sibh i ndán locht a fhagháil ar an tríomhadh sompla a chuir mé isteach gan an dá láimhscríbhinn reamhráidhte bheith mar réalt eolais agaibh? Mar dubhairt tú féin tuigim-se go maith caidé mar sheasuígheas an bás. *Tuigim* nach bhfuil sa dá láimhscríbhinn reamhráidhte ach leithscéal leis an leabhar a choinneáil ar gcúl agus an fheabhtaighil a fholach. Tuigim gur ceangladh connradh eadar mise agus sibh-se fá aistriúghadh an leabhair seo *agus go bhfuil sibh ag iarraidh an connradh sin a bhriseadh anois* – rud nach bhfuil dlightheamhail do réir coingheallacha an chonnartha. Agus *tuigim*

go leor rudaí eile nár thrácht mé ortha go fóill. Nochtotar iad nuair a thiocthas an t-am.

Mise le meas,

Niall Ó Domhnaill (Comhad A0252).

Ní léir gur bhac aon duine sa nGúm leis an litir sin a léamh nuair a tháinig sí isteach, ach tar éis míosa cuireadh ar aghaidh chuig Domhnall Mac Grianna, duine de na heagarthóirí, í. Scrúdaigh sé an méid a bhí ráite inti ach sa deireadh bhí seisean chomh hamhrasach faoi Niall Ó Domhnaill is a bhí Niall Ó Domhnaill faoin nGúm. Ba é an tuairim a nocht sé don Oifigeach Foillsiúcháin, Seán Mac Lellan, ná go raibh an dá lámhscríbhinn cheartaithe de *The Last of the Mohicans* ‘á gcoinneáil ar gcúl mar chineál de adhbhar “Blackmail” ’ aige chun an Gúm a bhascadh ar ball. Rinne Mac Lellan machnamh ar ghearán Uí Dhomhnaill agus thug sé comhairle stuama uaidh dá fhoireann: ‘Ní gádh aon ghníomh [a dhéanamh]’, a dúirt sé, ‘go dtiocfaidh litir eile uaidh’ (Comhad A0252; is le Niall Ó Domhnaill an bhéim).

Mar a tharla, níor tháinig aon nóta eile isteach faoi *The Last of the Mohicans* agus ba é breith Mhic Grianna, ‘níor bh’fhiú an t-aistriúchán a chur i gcló i ndeireadh na dála’ (Comhad A0252). Cuireadh an leabhar ar an liosta sin de shaothair a tháinig faoi bhráid an Ghúim ach nár foilsíodh riamh, saothair atá anois rangaithe faoin teideal ‘Rejected’ nó ‘Other’ sa gcatálog sa gCartlann Náisiúnta. Liosta le háireamh is ea an liosta céanna – faoi 1933 bhí isteach is amach le 225 saothar air; cuid an bheagáin díobh sin atá sa tábla ar an leathanach thall.

Nuair a scrúdaíonn muid an liosta ina iomláine, ar bhealach is cuid ‘fholaithé’ de stair an Ghúim a fheiceann muid ann – an chatalóg foilsitheoireachta mar a d’fhéadfadh sí a bheith – agus aithneoidh muid laochra litríochta agus mórshaothair i measc na míreanna ann, chomh maith le teidil aduaine a dhúiseadh fiosracht ionainn anois. Ach murar bhain na leabhair seo teach foilsitheoireachta Oifig an tSoláthair amach riamh, b’fhéidir gurb iad is fearr a léiríonn cur chuige agus cuspóirí an Ghúim, go háirithe sna blianta tosaigh, tráth a raibh siad ag iarraidh cothú léitheoireachta a chur ar fáil don stát óg. Is é sin, is sna saothair a diúltaíodh, seachas sna saothair a foilsíodh, a fheiceann muid na

<i>Un Philosophe Sous des Toits</i>	Máire Nic Ghiolla Sheanáin	Rejected
<i>Staid an Lucht Saothair</i> (<i>Rerum Novarum</i>)	Cormac Ó Cadhlaigh	Rejected
<i>Annála na gCeithre Máistrí</i>	León Ó Broin	Rejected
<i>Mac an Fheirmeora</i>	Micheál Ó Cionnfhaoilidh	Rejected
<i>Luibheolas gan Dua</i>	Seán Tóibín	Rejected
<i>Parliamint na mBan</i>	An Seabhac	Other
<i>Dorchadas</i>	Liam Ó Flaithearta	Rejected
<i>An Saoghal Eile</i>	Liam Gógan	Rejected
<i>Poblacht Phlatón</i>	Seoirse Mac Tomáis	Other
<i>Le Petit Ravageot</i>	Máire Nic Giolla Sheanáin	Rejected
<i>De Bello Gallico</i>	Conall Cearnach	Other
<i>Inferno Dante</i>	Maognas Ó Domhnaill	Rejected
<i>Prunella</i>	Micheál Mac Liammóir	Rejected
<i>An tSnáthaid Fholamh</i> (<i>L'Aiguille Creuse</i>)	Seán Óg Ó Caomhánaigh	Rejected
<i>Laoithe Fiannaigheachta</i>	Torna	Other
<i>Rinnce na nGaedheal</i>	Liam de Noraídh	Rejected
<i>Beatha Fhinn Mhic Chumhaill</i>	Siobhán Ní Choitir	Rejected
<i>Eachtraí an Bharúin Munchausen</i>	Pádraig Ó Bróithe	Rejected
<i>Amhrán na Rón</i>	Caitlín Uí Thallamhain	Other
<i>Ceachta Gaedhilge</i>	Gardaí Síochána	Rejected
<i>Xenophon Anabasis</i>	Pádraig Ó Maolchatha	Other
<i>Clóscriobh agus Méarchlárú</i>	Caitlín Nic Fhloinn	Other
<i>Treasure Island</i>	Domhnall Mac Grianna	Other
<i>Silas Marner</i>	Seán Ó Ciosáin	Other
<i>The Last of the Mohicans</i>	Niall Ó Domhnaill	Other

Samplaí de leabhair a dhiúltaigh an Gúm, idir aistriúcháin agus bhunsaothair (1926-33). Níor aistríodh cuid de theidil na saothar eachtrannach sna comhaid Chartlainne.

teorainneacha liteartha agus na teorainneacha polaitiúla nach raibh an Gúm sásta a sháru. Agus ba iad na teorainneacha sin a tharraing an oiread sin spíde orthu ó scríbhneoirí agus ó thráchtairí ar ball, mar a léiríonn Gearóidín Uí Laighléis ina haiste sa gcuasach seo ar Sheosamh Mac Grianna. Go deimhin, tá obair Ghearóidín ina bunús faoin alt seo, go háirithe an cuntas a thugann sí ar bhlianta luatha an Ghúim in *Aistí ag Iompar Scéil* (2004: 185-206).

Is éard atá i gceist leis na *rejects* ná na saothair sin nach raibh in ann an chéad chlaí a chaitheamh sa bpróiseas meastóireachta, agus is éard atá i gceist leis na *others* ná na cinn ar glacadh leo i dtosach ach a cuireadh ar leataobh ar ball ar chúiseanna éagsúla. Agus seo é an áit a bhfuil an chéad ghad agus muid ag iarraidh fíis agus fiúntas an Ghúim a mheas. Níorbh iad lucht Sráid Hume, sa gcáil sin dóibh, a thugadh breith maidir lena fheiliúnaí is a bhí saothair áirithe don fhoilsíú. I mblianta tosaigh na heagraíochta ba é Coiste na Leabhar, grúpa daoine nár oibrigh cuid acu in oifigí na Roinne Oideachais ar chor ar bith, a scaradh na caoirigh ó na gabhair. Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair i mí na Bealtaine 1926 agus cuspóirí na meithle leagtha síos go beacht:

1. Laimhsgríbhinní d'infhiuchadh a chuirfeas ughdair faoi bhraghaid na Roinne agus a innsint don Roinn an ceart (1) glacadh leo mar adhbhair leabhar faoi mar ataid no (2) glacadh leo ar choinngheall go ndeanfadh na h-ughdair iad d'athru no iad do cheartu de reir mar molfar doibh no (3) gan glacadh leo.
2. Creata leabhar a chuirfeas ughdair faoi bhraghaid na Roinne (maille le cur síos ar an modh trachta a bheas ann, etc.) d'infhiuchadh agus a innsint, i dtaobh a leitheidi, an ceart (1) moladh do na h-ughdair leanuint den obair faoi mar ata leagtha amach aca no (2) athru ar bith a mholadh san obair sin, no (3) gan glacadh leo mar adhbhar leabhair ar chor ar bith.
3. Tearmai no ceard-fhocail go mbaintear feidhm asta i laimhsgríbhinní do sgrudu, feachaint chuige go mbi na tearmai i gcomhnui ar aon dul agus tearmai feileamhnacha do cheapadh ma's ga san.
4. Dul i gcomhairle le h-Oifig an tSolathair maidir leis na ceisteanna seo leanas a reidhteach:-
 - a) Dreach, cludach agus ceangal leabhar.

- b) An mead coipeanna a clo-bhuailfear.
 - c) Cursai buan-chlo a dheanamh no clo a choimead ar cios.
 - d) Aon cheist eile.
5. Meid an deontais do sgríbhneoirí do mholadh (Comhad G0039).

Ní measúnú amháin a bhí le déanamh, mar sin, ach obair eagarthóireachta, téarmaíochta, idirghabhála, deartha agus airgeadais chomh maith. Nuair a chuireann muid san áireamh a laghad roghanna foilsitheoireachta a bhí ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghúm ag an am, agus a mhéad leabhar a bhí le foilsiú go pras don chóras scolaíochta go háirithe, is léir nach aon obair bhog a bhí roimh Choiste na Leabhar.

Bliain ina dhiaidh sin tugadh le chéile coiste eile – Coiste na bhFoillsiúchán – agus obair den chineál céanna le déanamh acu sin, ach iad le bheith ag plé le haistriúcháin agus le leabhair ‘don choitchiantacht’ (ní hionann agus na mic léinn ba phríomhchúram do Choiste na Leabhar). Pósadh an dá choiste faoi 1928 ach, fiú roimhe sin, bhí an *modus operandi* céanna ag an bpéire: chuirte leabhair faoina mbráid gach mí nó gach ráithe, ag brath ar líon na n-iarratas, thugadh na baill a dtuairim fúthu agus chuirte an tuairim sin in iúl do na scríbhneoirí i litreacha a shíníte faoi ainm Sheáin Mac Lellan, amhail is dá mbeadh lámh aige sin san obair. Go deimhin, is é ainm Mac Lellan an t-ainm is coitianta a fheictear sna cáipéisí cartlainne agus, cé gur choinnigh sé súil ar gach togra beo sa nGúm, ba mhó ba riarthóir é a d’fhágadh na breithiúnais liteartha faoi na coistí agus (ar ball) faoi na heagarthóirí.

B’shin é an chaoi a ndéileáladh an Gúm leis an rabharta lámhscríbhinní a tháinig isteach chucu sa gcéad seacht mbliana (ó 1933 ar aghaidh chuireadh siad leabhair amach chuig léitheoirí faoi leith a roghnaíodh ó phainéal). Sna chéad chruinnithe sin siar i samhradh 1926 bhí seachtar ar an gCoiste: triúr cigirí roinne (Micheál Breathnach, Seoirse Mac Niocaill, Énrí Ó Muirgheasa); triúr ollúna ollscoile (Tomás Ó Máille, Tadhg Ó Donnchadha, Dubhghlas de hÍde); agus Piaras Béaslaí, scríbhneoir agus fear polaitíochta. Dream ildánach a bhí ann ach ba ghearr gur tuigeadh go raibh tuilleadh cúnaimh ag teastáil: chomh luath le Meán Fómhair 1926, bhí iarratas curtha isteach ar bheirt eile a earcú ‘tráth’s go dteigheann

se rithte leis an dosgan ata anois ann na sgríbhinní go leir ata ag teacht isteach a bhreithniu' (Comhad 60039). Faoi dheireadh 1933, bhí 27 duine tar éis páirt a ghlacadh san obair scagtha ar fad, idir scríbhneoirí, scoláirí, státseirbhísigh agus sagairt. Obair aon uaire nó obair neamhrialta a rinne cuid acu, is fíor, go háirithe a fhad is a bhain sé le Gréigis, Laidin agus aon ábhar speisialta eile nach raibh na gnáthbhaill in ann chuige (sin a bhí ar bun ag Micheál Ó Tighearnaigh, Tomás Mac Gearailt agus Pól Breathnach, mar shampla). Níorbh é an grúpa ab éagsúla inscne é ach an oiread – Lúise Ghabhánach Ní Dhufaigh an t-aon bhean a bhí ann – ach faoin am a d'athraigh an Gúm a pholasaí meastóireachta i 1933, bhí litríocht na Gaeilge níos sláintiúla ná mar a bhí le fada an lá.

Agus muid ag dul siar ar mhiontuairiscí na gcruinnithe is iad na baill is 'cáiliúla' is túisce a tharraingíonn ár n-aird – Béaslaí, de Híde, Domhnall Ó Corcora, An Seabhad agus a leithéidí sin, daoine a maireann a gclú anois ar obair eile a rinne siad. Ach is amhlaidh atá aitheantas tuillte ag go leor ball den Choiste – an chéad 21 duine ar an liosta ar a laghad – mar tá an scata beag céanna ar na daoine is mó a mhúnlaigh litríocht na Gaeilge trí chéile ó bhunú an Stáit go dtí deich mbliana dá éis sin, agus cuid acu suas go dtí an Dara Cogadh Domhanda féin. 'Irish speakers of literary taste and knowledge' a bhí iontu, dar leis an rialtas (Comhad 60068), agus cuireadh muinín iontu nualitríocht an náisiúin a fhorbairt faoi mar ba mhian leis an mbunaíocht pholaitiúil é. Ba iad, thar éinne eile, a thug (nó nár thug) cead pinn do scríbhneoirí na Gaeilge, cé gur beag a chloiseann muid faoi chuid acu anois.

Tá beirt go háirithe is fiú a chur chun cinn anseo ar a seasmhacht agus ar a ndíocas chun lámhscríbhinní a léamh sa tréimhse luath: Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach. Céimí sa matamaitic ba ea Mac Niocaill, fear a chaith seal ag teagasc i Sasana gur fhíll sé ar Éirinn i 1912 le post cigireachta a ghlacadh. Bhí páirt mhór aige i mbunú an Ghúim féin (féach Uí Laighléis 2004) agus ceapadh é ina chathaoirleach ar Choiste na Leabhar agus ar Choiste na bhFoillsiúchán araon nuair a cuireadh tús leo sin – comhartha, déarfá, ar éifeacht an fhir i mbun a ghnó. Fear teangacha ba ea Micheál Breathnach a rinne staidéar ar Ghaeilge, Béarla agus Fraincis san ollscoil; scríobh sé féin cuid mhaith drámaí agus scéalta lena bheo agus is uaidh a fuarthas an focal 'Gúm' an chéad lá (Ó Broin

Seoirse Mac Niocaill	Tomás Ó Máille
Micheál Breathnach	Énri Ó Muirgheasa
Tadhg Ó Donnchadha (Torna)	Dubhghlas de hÍde
Piaras Béaslaí	Colm Ó Murchadha
Proinsias Ó Tighearnaigh	Gearóid Ó Lochlainn
Lúise Ní Dhufaigh	Seán Mac Giollarnáth
Domhnall Mac Grianna	Risteard Ó Foghludha
Cionnaith Ua Roideáin	(Fiachra Éilgeach)
Láimhbheartach Mac Cionnaith	Domhnall Ó Corcora
Pádraig Ó Siochfhradha (An Seabhac)	Risteard Pléimeann
Micheál Ó Murchú	Pádraig de Brún
An tAthair Ó Maolchatha	Micheál Ó Tighearnaigh
Pól Breathnach	Tomás Mac Gearailt
An Bráthair Ó Muirthille	Major McKinney

Baill Choiste na Leabhar (1926-33). Tá céadainm cuid acu gan a bheith luaite sna comhaid Chartlainne.

1986: 67). Sciar mór d'obair an Choiste a rinne an dís agus, ní hionann agus baill eile, bhídís ag breathnú ar théacsleabhar agus ar ábhar liteartha araon.

Go deimhin, béigean dóibh déileáil leis an oiread sin cineálacha ceapadóireachta gur díol iontais linn anois é. In imeacht ceithre mhí i 1926, mar shampla, bhí Seoirse Mac Niocaill ag déanamh measúnú ar leabhar scoile ar an 'tlachteolas' (tíreolas sa lá atá inniu ann), leabhar bleachtairachta, cnuasach scéalta is amhrán, dhá shaothar do pháistí dar teideal *Sé Ubhla den Chraoibh* agus *An Bábán, Smaointe Fáin* le Pádraic Óg Ó Conaire, agus fós bhí sé in ann leabhar ceoil do 'leanbha' a scrúdú, á rá 'nach mbeadh na h-amhrain feileamhnach go dtí go ngléasfaí le haghaidh 2 soprano agus 2 alto iad' (Comhad G0039). Mura raibh obair an Bhreathnaigh baileach chomh héagsúil céanna, ní hin le rá nach raibh a dhúshlán san ábhar léitheoireachta ach oiread: bhíodh sé ag breathnú ar

mheascán aisteach de théacsleabhair agus de shaothair chruthaitheacha, ó chlasaicí na Laidine go dtí *An Gadhar Eitilleach*. Státseirbhisigh sa Roinn Oideachais féin ba ea an bheirt acu agus thug siad faoina gcuid oibre le fuinneamh, cé nárbh fhurasta iad a shásamh.

Tá sé ráite ag an Dr Uí Laighléis gur dhiúltaigh an Gúm tuairim is leath den chéad 500 iarratas a seoladh isteach chucu (2004: 198). Agus mé ag iarraidh an méid sin a chur i bhfadscéal, idir 1926 agus 1932 déanaim amach gur léigh baill an choiste thart ar 730 leabhar, agus a mbunáite sin faoi dhó, ar a laghad. Má ghlacann muid leis go mbíodh deichniúr ag feidhmiú don Choiste ag aon am faoi leith, is ionann sin agus beagnach dhá leabhar nó dhá lámhscríbhinn in aghaidh na míosa ag gach duine, gan phá, anuas ar cibé cén post eile a bhí le déanamh acu. Agus b'shin ar an meán – dáiríre bhí i bhfad Éireann níos mó oibre á dhéanamh ag Mac Niocail, Breathnach, Tomás Ó Máille, Énrí Ó Muirgheasa, Colm Ó Murchadha agus Domhall Mac Grianna ná mar a bhí, mar shampla, ag Dubhghlas de hÍde, Dónall Ó Corcora nó na sagairt a earcaíodh le hábhar Laidine is diaga a mheas. ‘Dosgan’ nó deascán, mar a dúirt an Coiste féin, a dhéanadh tromlach na léitheoireachta agus is láidre an rian a d'fhág siad ar an litríocht dá réir.

Bíonn blas leamh ar fhigiúirí mar na cinn sin thuas ach caithfidh sé go raibh páirt mhór acu sa líon leabhar a diúltaíodh agus go fiú is sa gcaoi ar diúltaíodh iad. Grod go leor a bhíodh na léitheoirí seo ag plé le saothair nár thaitin leo agus, is dóigh, leathshúil acu ar an gcéad cheann eile sa gcarn a bhí le breithniú. Níor leasc leo an dianbhreithiúnas a imirt ar aon údar, is cuma cén meas a bhí (nó a bheadh) orthu. Mar sin de, faigheann muid Domhnall Mac Grianna ag cur síos ar shaothar le Liam Gógan, file, mar ‘Agallamh simplí leanbaí’ (Comhad No239); dar leis an bhfear céanna gur ‘tur lag mí-nádúrtha’ a bhí Gaeilge Sheoirse Mhic Thomáis, ní hamháin ina aistriúchán ar fhaoistin San Agaistín ach i ngach rud a scríobhadh sé (Comhad No322); agus ‘teipeann’ chomh mór sin ar Mhicheál Mac Liammóir ‘cora cainnte nádúrtha Gaedhilge a aimsiú’ in aistriúchán a rinne sé, ‘cheapfa nár thuig sé an Béarla’ – nó b'shin a shíl Micheál Breathnach (Comhad No296). Ní i gcónaí a roinntí tuairim ionraic na mball Coiste leis an húdair, ar ndóigh, ach chuirí litir ghonta ar ais chucu a rá nach raibh an leabhar ‘feiliunach i gcóir foillsiúcháin féin

Scéim oifigiúil' (Comhad N0322). Go deimhin, ba í an ghontacht chéanna san aiseolas agus an síorbhrú oibre a bhíodh ar an gCoiste a chnóg an próiseas meastóireachta sa deireadh.

Faoi Bhealtaine 1933 sheol an Roinn Oideachas litir fhada chuig Rúnaí na Roinne Oideachais ag iarraidh cead a fháil liosta léitheoirí a chur i dtoll a chéile agus airgead a thabhairt dóibh as lámhscríbhinní a léamh agus as tuairiscí a scríobh fúthu. Sa gcaoi sin, d'fhéadfaí deireadh a chur le cruinnithe rialta an Choiste – ní bheadh le déanamh ach na lámhscríbhinní a sheoladh amach tríd an bpost, agus chinnteodh an t-airgead go bhfaighfí aiseolas tomhaiste, mionsonraithe go breá tráthu. (Bhí sé i gceist, mar sin féin, go dtiocfadh an Coiste féin le chéile uair umá seach feasta le staid na himeartha a phlé.) B'éard ba chúis leis an iarratas, de réir na litreach sin, ná dhá fhabht ba mhian a leigheas: 'a delay of between three and four months before the author knows the fate of his book', chomh maith le go leor tuairiscí ó Choiste na Leabhar gan a bheith 'sufficiently detailed' (Comhad G0091).

Ag iarraidh feabhas a chur ar a gcóras féin a bhí muintir an Ghúim, mar sin, ach má d'éirigh leo an próiseas a bhrostú beagán le córas an phainéil léitheoirí fós féin bhí cuid de na daoine céanna ina bhun go ceann tamaill. Faoi Eanáir 1936 féin, bhí Mac Niocaill, Ó Máille, Breathnach, Tadhg Ó Donnchadha, Risteard Ó Foghludha, Micheál Ó Murchadha agus Domhnall Mac Grianna fós ag déanamh cuid mhór den obair agus an faobhar céanna ar a gcuid focal go minic. Cúis ghéire linn anois, b'fhéidir, Seoirse Mac Niocaill ag tabhairt 'neithe suaracha neamhbuana' ar 'Cruiskeen Lawn' le Myles na gCopalleen i 1941, dréachtaí a d'fhéadfaí a 'mhaitheamh' dó 'dá mbeadh Gaeidhílg mhaith aige' (Comhad N0982); nó an alltacht a bhí air tar éis dó *Gaedhealg gan Ghruaim* a léamh, téacsleabhar a scríobh bean rialta thíos faoin tír:

Mo thrua go deo iad na daltaí bochta i bPortláirge go mbíonn an tS[iúr] Déaglán ag múineadh na Gaeilge dóibh, má sé an leabhrán so an sás múinteoireachta is fearr dá bhfuil aici. ... D'fhágfadh an leabhrán so an t-aosóg agus fuath síorruidhe aca don Ghaedhílg mara ndeineadh sé iad do chur bán glan as a meabhair. Ní mholaim cló do chur air; dá mbeadh sé i gló do mholfainn go ndóghfadh an siolánach stáit gach uile chóib de. Ní mar gheall ar na tuaiplisí atá ann do mholfainn sin; dá nglantaí na tuaiplisí

go léir as do mholfainn an rud céadna. Is tuaiplis mhór é an leabhar féin (Comhad N0977).

Ag léamh siar dúinn ar cháipéisí iomadúla an Ghúim, is as nótaí den chineál sin is mó a bhaineann muid spórt ach, gan amhras, ní raibh sé i gceist ag Seoirse Mac Niocaill, Micheál Breathnach ná ag aon léitheoir eile go roinnfí a gcuid smaointe leis an saol mór. Comhfhreagras inmheánach a bhí ann a shoilsiónn oibríochtaí na heagraíochta agus pearsantachtaí na ndaoine a bhí ina feighil – léargas nach raibh ar fáil do bhunáite na scríbhneoirí a bhí ag plé leo ag an am. B'fhurasta teacht ar neart samplaí eile, na léitheoirí ag caitheamh anuas ar dhícheall na scríbhneoirí, ach sa deireadh bheadh muid ag rangú bunáite na gcúiseanna ar diúltaíodh saothar faoin dá chatagóir a leag an Gúm féin amach an chéad lá. I gcás Choiste na Leabhar i 1926, is éard a bhí ann ná:

- (1) Deagh-Ghaedhilge do bheith ins na leabhair agus chuige sin an chead bhreitheamhntas a bheith ag bail den Choiste as Cuige an Sgriobhnora.
- (2) Na leabhair ina dhiaidh sin do mheas de réir na tairbhe a bheadh ionta do mhean-sgoltacha (Comhad G0039).

I gcás lucht Choiste na bhFoillsiúchán agus ábhar don mhórphobal á lorg acu, sílim go bhféadfaidh muid talamh slán a dhéanamh de go raibh na suáilcí céanna á gcuardach ach amháin gurb é tairbhe nó pléisiúr do dhaoine fásta a bhí i gceist – níor sonraíodh sna comhaid ach go raibh ‘idir adhbhar léightheoireachta éadtrom agus leabhair eolais’ ag teastáil (Comhad G0068).

Dá shimplí iad, áfach, ní féidir leis na critéir loma sin scéal na *rejects* ná na *others* a mhíniú i gceart – caithfidh muid breathnú ar na siúnta eatarthu, ar na tuiscintí éagsúla a bhaineadh daoine astu agus iad ag plé le leabhair faoi leith. Go deimhin, le saothar iomlán an Ghúim a mheas, sílim go gcaithfidh muid imeacht ón eagraíocht mhór, ón gcnuasainm ‘an Gúm’, agus breathnú níos grinne ar na daoine aonair a bailíodh faoina scáth. Mar is léir ón gcomhfhreagras inmheánach nach raibh an tuiscint chéanna ag gach duine maidir le saothar a bheith ‘feiliunach i gcóir foillsiúcháin fé’n Scéim’, mar a deireadh siad.

An chuid is soiléire de sin ná nach mbíodh na moltóirí ar aon fhocal lena chéile maidir le saothair áirithe. B'iondúil gur bheirt a léadh gach lámhscríbhinn agus, mura raibh siad sin ar aon fhocal fúithi, thabharfaí do bheirt eile í, agus mar sin de ar aghaidh. Ní hannamh gach aon duine den bheirt ar mhalairt tuairime: as na 45 leabhar a dáileadh amach le linn na chéad sé chruinniú i 1926, triúr, ceathrar nó cúigear a léigh deich gcinn acu – is é sin, bhí easaontú faoi thart ar 20% den ualach iomlán léitheoireachta.

Sampla maith den éagsúlacht tuairimíochta seo laistigh den Ghúm is ea aistriúchán Mhichíl Mhic Liammóir ar *Prunella*. Ba é breith an tSeabhaic nach 'dráma é a oireann don Ghaedhilg' agus go raibh an stíl go dona ann. Dhá mhí ina dhiaidh sin, dúirt Dónall Ó Corcora gur thaitin an dráma 'go mór' leis agus gur éirigh 'go maith le Micheál Mac Liammóir sprid an bhun-dráma do thabhairt leis'. Dhá mhí ina dhiaidh sin arís, bhí Tomás Ó Máille a rá go raibh an t-aistriúchán 'an-Ghaedhealach' – is é sin, an taobh eile ar fad ón Seabhaic – ach an mhí dár gcionn stróic Micheál Breathnach as a chéile é, á rá gur 'cinnte nár chuir an t-ughdar strómh ar bith air féin, ach ropadh leis' tríd agus nárbh fhiú a fhoilsíú (Comhad No296). Diúltaíodh an dráma sa deireadh ach ní fios go baileach cén fáth, nó céard a thit amach ag an gcruinniú coiste inar socraíodh an scéal. Ach dá gcuirfí an saothar céanna os comhair Ghearóid Uí Lochlainn, mar shampla, fear a léadh go leor drámaí don Choiste agus é báuil lena bhformhór, gach seans go mbeadh glacadh leis agus go gcuirfí i gcló é.

Fiú cuid de na daoine a bhí ina mbaill de Choiste na Leabhar, chuireadh siad sin saothair isteach agus fios maith acu, cheapfá, céard a bhí ag teastáil ón Roinn. Ach ní hin le rá gur éirigh leo i gcónaí. Dá mheasúla é an Seabhaic, mar shampla, socraíodh gan a leagan de *Parlaimint na mBan* a fhoilsíú (Comhad No212), ná léachtaí a raibh sé páirteach iontu (Comhad No400), ná seantráchtas ar an luibheolaíocht a chuir sé in eagar (Comhad No348), agus ghoill an ceann deireanach sin go mór air. Glacadh leis an lámhscríbhinn i dtosach ach, ar ordú an Aire Oideachais b'éigean don Ghúm – a d'iarr air go sonrach dul ag obair leo dhá bhliain roimhe sin – an t-eiteachas a thabhairt dó. Is léiriú gléineach é a fhreagra ar thuiscintí difriúla a bheith ag páirtithe difriúla (an tAire san áireamh) maidir le

feidhm an Ghúim féin. Scríobh an Seabhadh an méid seo a leanas do Sheán Mac Lellan i nDeireadh Fómhair 1932:

Fuair eas clóscríbhinn ‘Luibhleaghdóireacht’ ar ais uait. Is iognadh liom an cor so ar an scéal agus nílim sásta é fhágaint mar sin. Chuireas an scríbhinn ag triall ar an Roinn O. i bhfad ó shin. Do ghlac an coiste leis. Ar chruinniú eile ‘na dhiaidh sin do socraightheadh go n-íocfaí táille áirithe liom-sa as. ... Do leanas den obair agus chríochnaigheas sa bhaile é An amhlaidh [mheas]ann an Aireacht an méid sin saothair a bhaint asam-sa agus annsan diúlt[ughadh] de thoradh mo shaothair agus a rádh liom gur saothar amadáin a bhí ar siubhal agam-sa tar éis glactha dhaoibh-se leis. Ba mhaith liom a rádh i gcead daoibh gur aisteach an t-íomchur san agaibh le duine a thuill a mhalairt agus táim á éileamh go raghtar chun cinn leis an ngnó a socraightheadh a dhéanamh i bhfad ó shin. Ní fhéadaim-se glacadh le n-a mhalairt (Comhad No348).

Ghlac sé lena mhalairt sa deireadh mar níor géilleadh dó. Cás aisteach a bhí ann sa méid is gurbh é an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, a chuir a ladhar isteach sa scéal agus é diongbháilte de nach raibh an leabhar ‘oiriúnach’, fiú ‘le haghaidh an phobail i gcoitcinn’ (Comhad No348). Ach féach freisin gur dhiúltaigh Mícheál Ó Gríobhtha dá chomhléitheoir Piaras Béaslaí bliain go leith ina dhiaidh sin. Shíl Béaslaí go raibh dráma greannmhar staire scríofa aige; shíl Ó Gríobhtha nach raibh ‘gníomh ná greann ann Do réir deallraimh is scéal staire é, ach is beag den stair atá ann’. Fiú an moladh chun feabhais a rinne sé, bhí binb áirithe ann: ‘Dá bhféadfadh sé an leadrán do bhaint de agus é ghiorrú agus anamamlacht do chur ann do bheinn sásta’ (Comhad No517). Mar a chéile le Seán Mac Giollarnáth, Séamus Ó Grianna agus Seán Mac Maoláin, a bhí ina eagarthóir sa nGúm an lá is faide anonn. Ar a seal féin bhíodh na daoine seo ag leagan síos an chaighdeán, ach nuair a bhí an bhróg ar an gcos eile ní raibh aon duine slán ar speach a fháil.

B’fhéidir gur neafaiseach le breathnú cuid de na nótaí meastóireachta seo ar an gcéad spléachadh ach sílim go bhfuil tátal mór le baint astu, arna dtógáil le chéile. Dá mhéad a léann muid den chomhfhreagras inmheánach is ea is soiléire a fheiceann muid na léitheoirí aonair seo ag allagar lena chéile chun múnla áirithe den nua-litríocht a chur chun cinn. Bhraith gach uile shórt ar an duine, nó ar an mbeirt, nó ar an triúr, ar tugadh na

lámhscríbhinní dóibh agus, mar is dual, bhí a chlaontachtaí féin ag gach éinne acu.

Bhíodh Torna, an Seabhadh agus Breathnach dian ar an litríocht éadrom, mar shampla, agus ar fhicsean nuacheaptha trí chéile. Le fírinne bhí Mícheál Breathnach an-dian ar gach rud: bhí dhá bhliain ann agus dhiúltaigh sé don uile shaothar dár tháinig faoina bhráid, is cuma cén t-ábhar a bhí ann. Bhí mórán gach duine meallta ag Gaeilge thraidisiúnta na Gaeltachta ach bhí Lúise Ghabhánach Ní Dhufaigh, Gearóid Ó Lochlainn, Colm Ó Murchadha agus, go pointe, Seán Mac Giollarnáth báúil go leor le hábhar nuálach.

Ní hé gur féidir dúil gach léitheora a rangú go néata socair, ach is san éiginnteacht sin atá tábacht na léitheoirí seo. Bhí gach duine acu ag treabhadh a iomaire féin agus a chead sin aige go gcuirfeadh ball eile ina choinne, rud a tharla réasúnta minic. Mar is dual d'aon chomhfhiontar, níorbh ionann ar fad luachanna gach duine ann agus a shliocht sin ar na leabhair a diúltaíodh go háirithe. Mar sin de, más fíor a rá gur chuir an Gúm Myles na gCopalleen ó dhoras, tá sé chomh fíor céanna a rá gurb é Seoirse Mac Niocaill a rinne amhlaidh. An Seabhadh a dhiúltaigh *Eachtraí an Bharúin Munchausen* a chur i gcló. Torna a dhiúltaigh saothar Francine Rozek – an t-aon cheangal, go bhfios dom, a bhí ag an nGúm leis an mBriotáinis sna blianta luatha. Énrí Ó Muirgheasa a dhiúltaigh gearrscéalta Mhichíl Uí Ghríobhtha. Agus mar sin de ar aghaidh.

Ar an údar sin cuimhníodh muid ar an méid a dúirt Tomás de Bhaldraithe agus é ag míniú an fhocail ‘Gúm’ in alt leis i 1982:

tabhair faoi deara gur cúrsaí cleasaíochta nó scéiméireachta le bob a bhualadh ar dhaoine atá i gceist sna samplaí ón nGaeltacht – rud atá ag freagairt go binn d’úsáid amháin de chuid an Bhéarla: ‘... a scheme, trick, plot’; ‘... scheme, intrigue ...’ (OED); ‘any plan or scheme pursued particularly with the design of surpassing or defeating others’ (1982: 168).

Bheadh sé i bhfad róláidir a rá go raibh lucht Bhrainnse na bhFoillsiúchán ag iarraidh a chéile a chloí nó a threascairt amach is amach. Ach chun tranglam na *rejects* agus na *others* a scaoileadh de bheagán, samhláim go

raibh gach léitheoir ag gúmadóireacht, ag scéiméireacht leis, ar mhaithe lena thuiscint shainiúil féin ar an litríocht agus ar thodhchaí na teanga a chur chun cinn. B'shin a bhí á dhéanamh ag Niall Ó Domhnaill agus é ag iarraidh a leagan de *The Last of the Mohicans* a chosaint i nDeireadh Fómhair 1932; b'shin a bhí á dhéanamh ag Domhnall Mac Grianna nuair a d'fhógair sé Niall Ó Domhnaill i mullach an diabhair. Agus sin é an pointe tosaigh, sílim, chun scéal na saothar a diúltaíodh a thuiscint. Ach tá i bhfad níos mó le fáil amach i gcónaí faoin gcumhacht is faoin gclaonadh a d'imir Mac Niocaill, Breathnach is a gcuid leathbhádóirí léitheoireachta ar nualitríocht na Gaeilge.

Tagairtí

Comhaid de chuid an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta

- A0012. 'Dracula' (Bram Stoker / Seán Ó Cuirrín).
- A0031. 'Quo Vadis?' (Henryk Sienkiewicz / Aindrias Ó Céileachair).
- A0033. 'Coming Through the Rye / Teacht fríd an tSeagail' (Helen Mathers / Seosamh Mac Grianna).
- A0038. 'Ben Hur' (Lew Wallace / Seosamh Mac Grianna).
- A0039. 'Miracle / An Mhiorbhailt' (Clarence B. Kelland / Niall Mac Suibhe).
- A0040. 'Wild Rose of Lough Gill / Rós Fiadhain Loch Gile' (Patrick G. Smith / Tadhg Ó Séaghdha).
- A0045. 'Hugh Roach The Ribbon Man / Aodh de Róiste' (James Murphy / Dómhnall Ó Ceocháin agus Dómhnall Ó Céileachair).
- A0051. 'Pinocchio' (Pádraig Ó Buachalla).
- A0060. 'Seeteufel' (Graf Felix Von Luckner / Pádraig Ó Moghráin).
- A0062. 'The Nigger of the Narcissus / An Máirnéalach Dubh' (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).
- A0072. 'The People of the Mist / Cineadh an Cheo' (H. Rider Haggard / Aodh Mac Seaghain).
- A0074. 'The Merchant of Killogue / Ceannaidhe Cille hÓige' (Edmund Downey / Seán Ó Súilleabháin).
- A0096. 'Adventures of a Younger Son / Imtheachtaí Fhear Dheireadh Theaghlaigh' (Edward John Trelawny / Seosamh Mac Grianna).

A0106. 'Almayer's Folly / Dithchéille Almayer' (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).

A0119. 'The Talisman / An Chloch Orthá' (Walter Scott / Niall Ó Domhnaill).

A0154. 'The Key Above the Door / An Eochair ós ceann an Dorais' (Maurice Walsh / Seán Mac Maoláin).

A0231. 'The Power of the Dog / Neart na Cú-Nimhe' (Donn Byrne / Seán Mac Maoláin).

